2024/2710

24.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2710 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Márta 2022

maidir leis an Státchabhair SA.53903 (2020/C ex 2019/NN)arna cur chun feidhme ag an bPolainn do LG Chem

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2022) 1570)

(Is é an leagan Béarla an t-aon leagan barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a), de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha a luaitear thuas ([1]) agus ag féachaint do na barúlacha a chuir na páirtithe sin agus tríú páirtithe eile isteach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) An 4 Iúil 2019, thug údaráis na Polainne fógra faoi chabhair réigiúnach ('an chabhair' nó 'an beart') a dheonaigh siad (faoi réir fhormheas an Choimisiúin, de réir na Polainne) an 20 Meán Fómhair 2017, an 2 Deireadh Fómhair 2017, an 19 Feabhra 2018, agus an 5 Meán Fómhair 2018 i bhfabhar LG Chem Wrocław Energy sp. z o.o. ('LG Chem Energy PL'). Tar éis malartuithe breise, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Polainne i litir dar dáta an 19 Nollaig 2019 go scrúdófaí an cás faoin nós imeachta maidir le cabhair neamhdhleathach a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([2]).

(2) I litir dar dáta an 11 Lúnasa 2020 (an 'cinneadh tosaigh'), chuir an Coimisiún an Pholainn ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') a thionscnamh i leith an bhirt.

(3) Foilsíodh cinneadh an Choimisiúin i ndáil leis an nós imeachta a thionscnamh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a chur isteach maidir leis an mbeart.

(4) Chuir údaráis na Polainne a mbarúlacha isteach an 19 Deireadh Fómhair 2020.

(5) Chuir tríú páirtithe barúlacha ar fáil freisin: thug Toray Industries, Inc. barúlacha an 3 Feabhra 2021; thug Aireacht Trádála, Tionscail agus Fuinnimh na Cóiré Theas barúlacha an 5 Feabhra 2021; thug LG Energy Solution Wrocław sp. z o.o. ('LG Chem PL'), comharba dlíthiúil ([4]) LG Chem Energy PL, barúlacha an 5 Feabhra 2021.

([1]) IO C 7, 8.1.2021, lch. 23.

([2]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

([3]) Féach fonóta 1.

([4]) An 1 Nollaig 2020, roinn LG Chem Ltd. a rannán gnó ceallraí in LG Energy Solution, Ltd., fochuideachta nua ar lánúinéireacht atá lonnaithe i Súl, an Chóiré Theas. Dá bhrí sin, rinneadh na scaireanna a bhí i seilbh LG Chem Ltd. ('LG Chem KR') ina ghnó ceallraí sa Pholainn – LG Chem Wroclaw Energy Sp. z o.o. (LG Chem Energy PL) – a rannchuidiú le LG Energy Solution, Ltd. D'athraigh LG Chem Wroclaw Energy Sp. z o.o. a ainm gnó freisin go LG Energy Solution Wroclaw Sp. z o.o. ('LG Chem PL'), agus chláraigh cúirt chlárlainne na Polainne an t-athrú seo an 21 Eanáir 2021.

(6) Chuir an Coimisiún barúlacha tríú páirtí ar aghaidh chuig an bPolainn, agus tugadh deis di freagra a thabhairt. Chláraigh an Coimisiún na barúlacha uaithi an 13 Aibreán 2021.

(7) Sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis an 26 Márta 2021 agus thug an Pholainn freagra uirthi an 13 Aibreán 2021.

(8) Tionóladh cruinniú idir sheirbhísí an Choimisiúin agus údaráis na Polainne an 21 Aibreán 2021.

(9) Fuarthas tuilleadh faisnéise ón bPolainn trí ríomhphost an 27 Meán Fómhair 2021, an 20 Eanáir 2022 agus an 11 Feabhra 2022.

(10) I litir dar dáta an 8 Meitheamh 2021, chomhaontaigh an Pholainn go heisceachtúil na cearta a dhíorthaíonn ó Airteagal 342 CFAE i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán 1 ([5]) a tharscaoileadh agus go nglacfaí an Cinneadh seo agus go dtabharfaí fógra faoi de bhun Airteagal 297 CFAE i mBéarla.

2. TUAIRISC MHIONSONRAITHE AR AN MBEART

2.1. Cuspóir

(11) Tá sé beartaithe ag an bPolainn forbairt réigiúnach réigiún Dolnośląskie (NUTS 2: PL51) a chur chun cinn trí chabhair faoi choinne infheistíocht réigiúnach EUR 85 443 491 (i luach láithreach ([6])) a dheonú le haghaidh infheistíocht tosaigh EUR 994 960 440 (i luach láithreach) chun gléasra táirgthe ceallraí ian litiam reatha LG Chem PL a leathnú in Biskupice Podgórne, atá lonnaithe i réigiún Dolnośląskie, réigiún atá incháilithe do chabhair réigiúnach faoi Airteagal 107(3), pointe (a), CFAE, le huasteorainn chaighdeánach cabhrach réigiúnaí 25 %, faoin mapa de chabhair réigiúnach 2014-2020 is infheidhme le haghaidh na Polainne ([7]).

2.2. An tairbhí

(12) Is é LG Chem PL faighteoir na cabhrach, fochuideachta faoi lánúinéireacht LG Energy Solution, Ltd., atá ina fhochuideachta faoi lánúinéireacht LG Chem Ltd. ('LG Chem KR') é féin, a bhfuil a cheanncheathrú i Súl, an Chóiré Theas. Is gnóthas mór é LG Chem KR a raibh láimhdeachas de thart ar EUR 20 billiún aige in 2017. Tá LG Chem PL gníomhach cheana féin sa Pholainn i réimse ceallraí feithiclí leictreacha a mhonarú.

(13) Dheimhnigh údaráis na Polainne nach gnóthas i gcruachás é LG Chem PL, ná LG Chem KR, de réir bhrí threoirlínte an Choimisiúin maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu ([8]).

2.3. An infheistíocht

2.3.1. *An infheistíocht ar tugadh fógra ina leith*

(14) Tá an tionscadal infheistíochta chun cur le hacmhainneacht bhunaíocht LG Chem PL in Biskupice Podgórne (Crios Eacnamaíoch Speisialta Tarnobrzeg Euro-Park Wisłosan) a tháirgeann ceallraí ian litiam d'fheithiclí leictreacha. Leis an síneadh ('Infheistíocht 2'), cruthófar acmhainneacht bhliantúil bhreise [20-25] (*) GWh, arb ionann é agus ceallraí a tháirgeadh do thart ar [200 000 – 400 000] feithicil leictreach in aghaidh na bliana, atá beartaithe chun freastal go heisiach ar mhargadh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch ('LEE').

([5]) Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58).

([6]) Déantar na luachanna láithreacha a ríomh trí úsáid a bhaint as ráta lascainithe 2,83 % (bunráta 1,83 % móide 100 bonnphointe). Déantar na figiúirí go léir a lascainiú agus 2017 le húsáid mar an bhonnbhliain.

([7]) Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2014 i gcás SA.37485 (2013/N) – an Pholainn – Mapa de chabhair réigiúnach 2014-2020 (IO C 210, 4.7.2014, lch. 1), a cuireadh síneadh leis go dtí an 31 Nollaig 2021, arna fhormheas le cinneadh ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2020 i gcás SA.58437 (2020/N) (IO C 430, 11.12.2020, lch. 1).

([8]) IO C 249, 31.7.2014, lch. 1.

(*) *Faisnéis rúnda.*

(15) Cuireadh tús le hoibreacha faoin infheistíocht an 1 Deireadh Fómhair 2017, tar éis na n-iarratas ábhartha ar chabhair a thabhairt isteach an 11 Lúnasa, an 14 Meán Fómhair, agus an 21 Meán Fómhair 2017. Cuireadh tús leis an táirgeadh in […] 2018 agus baineadh amach táirgeadh iomlán in […] 2020. Cuireadh an infheistíocht i gcrích roimh […] 2021.

(16) Mar a thuairiscítear in aithrisí (19) agus (20) den chinneadh tosaigh, is éard atá san infheistíocht, in éineacht le tionscadal roimhe sin arna chur chun feidhme ag LG Chem PL sa suíomh céanna ('Infheistíocht 1'), tionscadal infheistíochta aonair de bhun mhír 20(t) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach 2014-2020 ([9]) ('RAG'). ([10])

2.3.2. *Costais infheistíochta incháilithe*

(17) Is é PLN 4 468 941 000 (EUR 1 054 244 161 ([11])) méid chostais incháilithe iomlána na hinfheistíochta (Infheistíocht 2) ar tugadh fógra ina leith i luach ainmniúil, a chomhfhreagraíonn do PLN 4 261 117 075 (EUR 994 960 440) i luach láithreach. Comhfhreagraíonn na costais incháilithe (sócmhainní nua amháin) do chostas foirgneamh (37 %) agus costais gléasra, innealra agus trealaimh (63 %).

2.4. **An beart**

2.4.1. *Foirmeacha cabhrach*

(18) Tá ceithre ionstraim sa bheart:

(a) deontas airgid neamh-inaisíoctha (íocaíocht faoi réir fhormheas an Choimisiúin) bunaithe ar chomhaontú deontais idir an tAire Fiontraíochta agus Teicneolaíochta agus LG Chem PL a síníodh an 5 Meán Fómhair 2018. Leis an gComhaontú sin, cuirtear teorainn leis an uasdeontas airgid don mhéid a ndéantar iarratas ina leith, is é sin, PLN 242 000 000 (EUR 57 088 936) i luach ainmniúil;

(b) díolúine ó cháin réadmhaoine, faoi réir fhormheas an Choimisiúin, a d'eisigh Méara Chomún Kobierzyce an 2 Deireadh Fómhair 2017;

(c) cabhair ad hoc i bhfoirm talamh agus bonneagar gaolmhar a dhíol ar phraghas fabhrach (EUR 1) arna comhaontú i gcomhaontú sealadach díolacháin talún (comhaontú deiridh agus aistriú úinéireachta faoi réir fhormheas an Choimisiúin) arna shíniú an 19 Feabhra 2018 ag Agencja Rozwoju Przemysłu, eintiteas poiblí ar leis an dáileacht talún agus a bhainistíonn an Crios Eacnamaíoch Speisialta ábhartha. Sonraítear sa Chomhaontú sin téarmaí an díolacháin agus áirítear ann clásal neamhghníomhaíochta a fhágann go bhfuil tabhairt i gcrích an díolacháin talún deiridh coinníollach ar an mbeart a bheith formheasta ag an gCoimisiún;

(d) teidlíocht ar dhíolúintí ó cháin ioncaim chorparáideach arna ndeonú ag Agencja Rozwoju Przemysłu an 20 Meán Fómhair 2017 trí chead Uimh. 349/2017. Leis an gcead sin, ceadaítear do LG Chem PL gníomhaíochtaí gnó a dhéanamh sa Chrios Eacnamaíoch Speisialta Tarnobrzeg Euro-Park Wisłosan (an 'cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta') agus díolúintí a iarraidh ó cháin ioncaim chorparáideach maidir le hioncam ón infheistíocht. Leis an gcead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta, tugtar tuairisc *inter alia* ar raon feidhme na gníomhaíochta gnó atá le déanamh ag LG Chem PL sa Chrios Eacnamaíoch Speisialta, ar líon na bpost atá le cruthú, ar chostais incháilithe íosta agus uasta na hinfheistíochta, ar dháta thabhairt i gcrích na hinfheistíochta. Mar sin féin, ní shonraítear sa chead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta uasmhéid na cabhrach gur féidir a dheonú do LG Chem PL i bhfoirm díolúintí ó cháin ioncaim chorparáideach, ná ní áirítear ann clásal neamhghníomhaíochta a d'fhágfadh go mbeadh deonú na cabhrach coinníollach ar fhormheas an Choimisiúin.

2.4.2. *An méid cabhrach*

(19) Is é PLN 402 525 976 (EUR 94 957 767) méid na cabhrach iomlán ar tugadh fógra ina leith agus a thacaíonn leis an infheistíocht i luach ainmniúil, agus PLN 362 194 962 (EUR 85 443 492) i luach láithreach, agus comhfhreagraíonn sí do dhéine cabhrach 8,5 % le haghaidh na hinfheistíochta. Tá sé beartaithe an chabhair a íoc amach i dtráthchodanna.

([9]) Treoirlínte maidir le Státchabhair réigiúnach le haghaidh 2014-2020 (IO C 209, 23.7.2013, lch. 1).

([10]) D'fhormheas an Coimisiún Státchabhair le haghaidh na hinfheistíochta roimhe sin ina chinneadh an 28 Eanáir 2019 i gcás SA.47662 (2017/N) - An Pholainn - LIP - Cabhair do LG Chem Wrocław Energy sp. z o.o. (IO C 93, 20.3.2020, lch. 1).

([11]) Tugtar na figiúirí arna sloinneadh in EUR bunaithe ar ráta malairte 0.24 PLN/EUR.

(20) Is é PLN 242 000 000 (EUR 57 088 936) méid na cabhrach i bhfoirm deontais airgid (dá dtagraítear in aithris (18)(a)) i luach ainmniúil agus PLN 217 785 842 (EUR 51 376 702) i luach láithreach.

(21) Is é PLN 12 220 983 (EUR 2 882 987) méid na cabhrach i bhfoirm díolúine ó cháin réadmhaoine (dá dtagraítear in aithris (18)(b)) i luach ainmniúil agus PLN 10 876 446 (EUR 2 565 805) i luach láithreach.

(22) Is é PLN 28 758 996 (EUR 6 784 382) méid na cabhrach a thagann as díol talún agus bonneagair ghaolmhair ar phraghas fabhrach (dá dtagraítear in aithris (18)(c)) ([12]) i luach ainmniúil agus PLN 26 449 387 (EUR 6 239 535) i luach láithreach, arna ríomh mar a chuirtear i láthair in aithris (18) den chinneadh tosaigh.

(23) Measann údaráis na Polainne go dtugann an chabhair i bhfoirm díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach (dá dtagraítear in aithris (18)(d)) teidlíocht don tairbhí laghdú a dhéanamh ar an méid cánach ioncaim chorparáidigh atá dlite ar feadh ré an Chreasa Eacnamaíoch Speisialta Tarnobrzeg Euro-Park Wisłosan suas go dtí an méid carnach iomlán PLN 119 545 904 (EUR 28 201 440) i luach ainmniúil agus PLN 107 083 287 (EUR 25 261 450) i luach láithreach. Mar sin féin, níor sonraíodh an t-uasmhéid cabhrach sin sa ghníomh um dheonú cabhrach (i.e. an cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta). Chinn údaráis na Polainne uasmhéid na cabhrach i bhfoirm díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach tríd an uasmhéid cabhrach don tionscadal a ríomh i ndáil le huaschostais infheistíochta incháilithe na hinfheistíochta arna sonrú sa chead ([13]), ónar asbhaineadh cabhair a deonaíodh le haghaidh na hinfheistíochta céanna trí na hionstraimí a liostaítear in aithrisí (20) go (22).

(24) Mar a luaitear in aithris (16), is cuid de thionscadal infheistíochta aonair í an infheistíocht i dteannta leis an tionscadal níos luaithe dá dtagraítear sa chinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.47662 (2017/N). Is é PLN 572 088 725 (EUR 134 550 256) méid na cabhrach iomlán atá beartaithe don tionscadal infheistíochta aonair i luach ainmniúil agus PLN 506 673 985 (EUR 119 154 997) i luach láithreach, le haghaidh caiteachas incháilithe atá beartaithe sa mhéid PLN 5 821 349 000 (EUR 1 370 028 129) i luach ainmniúil agus PLN 5 444 427 050 (EUR 1 281 235 227) i luach láithreach, a chomhfhreagraíonn do dhéine cabhrach 9,3 %. ([14])

3. **FORAIS CHUN AN NÓS IMEACHTA A THIONSCNAMH**

(25) D'oscail an Coimisiún an t-imscrúdú foirmiúil an 11 Lúnasa 2020. Bunaithe ar thorthaí an réamh-imscrúdaithe, níorbh fhéidir leis comhréireacht an bhirt le forálacha na dTreoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach a shuí, go háirithe maidir le héifeacht dreasachta agus comhréireacht na cabhrach, lena rannchuidiú le forbairt réigiúnach agus lena hoiriúnacht.

3.1.1. *Amhras faoin gcás frithfhíorasach*

(26) Ar an gcéad dul síos, bhí amhras ar an gCoimisiún go raibh an cás frithfhíorasach ([Suíomh 1], an tSín) a chuir an Pholainn i láthair réalaíoch toisc, gan chabhair in aon cheann de na suíomhanna, go mbeadh an infheistíocht níos inmharthana sa Pholainn ná sa tSín (le buntáiste EUR 28.6 milliún i dtéarmaí glanluach láithreach i bhfabhar na Polainne). Dá bhrí sin, sa chás frithfhíorasach sin, ní fhéadfaí údar cuí a thabhairt leis an ngá a bhí leis an mbeart ach amháin dá nglacfaí leis an maíomh go mbainfeadh LG Chem KR tairbhe as fóirdheontas ó údaráis na Síne, arna mheas go coimeádach ag EUR 106 mhilliún ([15]), dá gcuirfí an infheistíocht chun feidhme sa tSín.

([12]) Tá an luach sin beagán níos ísle ná an méid PLN 28 759 089 (EUR 6 784 404) ar tugadh fógra ina leith. Mhínigh údaráis na Polainne go dtagann an neamhréireacht bheag sin (de PLN 93, atá comhionann le EUR 22) as neastacháin rátaí malairte arna n-úsáid chun an luach faoi seach a thiontú ó PLN go EUR agus ar ais go PLN.

([13]) Tríd an bhfoirmle a shonraítear sa bhunús dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm: uasmhéid cabhrach = R × (EUR 50 milliún + 0.50 × B + 0.34 × C), i gcás inarb é R uasteorainn na cabhrach réigiúnaí neamhchoigeartaithe, inarb é B an caiteachas incháilithe idir EUR 50 milliún agus EUR 100 milliún, agus inarb é C an caiteachas incháilithe os cionn EUR 100 milliún.

([14]) Ba é PLN 169 562 749 (EUR 39 592 488) méid na cabhrach formheasta le haghaidh an chéad tionscadail i luach ainmniúil.

([15]) Is ionann sin agus déine cabhrach thart ar [10 – 20] % dá gcuirfí an infheistíocht chun feidhme sa tSín.

(27) Go deimhin, ceadaítear le mír 80 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach go nglacfaí le cabhair le haghaidh infheistíochtaí lasmuigh de LEE mar ioncam, agus dá bhrí sin méadaíonn cabhair den sórt sin glanluach láithreach na hinfheistíochta sa chás frithfhíorasach ina raibh an infheistíocht sin lonnaithe lasmuigh de LEE. Mar sin féin, níor leor an fhaisnéis a bhí ar fáil tráth an chinnidh tosaigh chun go suífeadh an Coimisiún go raibh bonn réalaíoch ag an gcabhair a rabhthas ag súil léi ó údaráis na Síne agus go bhféadfaí í a chur san áireamh, ós rud é, ar bhonn faisnéise a cuireadh isteach ag an gcéim sin, nach raibh ar fáil ach tairiscint cabhrach ó bhéal ó oifigeach Síneach sinsearach áitiúil nuair a chinn Coiste Infheistíochta Corparáidí LG Chem KR suíomh na hinfheistíochta (16 Lúnasa 2017), agus nuair a chinn an Bord Stiúrthóirí an infheistíocht a dhéanamh (29 Lúnasa 2017). De réir na faisnéise a cuireadh isteach le linn chéim an réamhscrúdaithe, ní dhearna údaráis na Síne tairiscintí i scríbhinn go dtí go ndearnadh na cinntí sin (tairiscint scríofa gan stampa an 18 Meán Fómhair 2017; tairiscint stampáilte an 13 Samhain 2017) (féach aithrisí (100) go (104) den chinneadh tosaigh).

(28) Ina theannta sin, léirigh an Coimisiún amhras breise maidir le creidiúnacht an cháis fhrithfhíorasaigh lenar glacadh leis go raibh suíomh na hinfheistíochta sa tSín: ní fhéadfadh an Coimisiún an fhéidearthacht a eisiamh maidir leis an timpeallacht naimhdeach pholaitiúil agus eacnamaíoch sa tSín, in éineacht le tosca amhail an margadh Eorpach á leathnú go tapa agus gaireacht an tsuímh sa Pholainn do chustaiméirí Eorpacha, gur breithnithe straitéiseacha sáraitheacha iad sin a mbeadh mar thoradh orthu go lonnódh an chuideachta a hinfheistíocht sa Pholainn in aon chás, fiú in éagmais cabhrach (féach aithrisí (107) go (109) den chinneadh tosaigh).

3.1.2. *Amhras maidir le héifeacht dreasachta na cabhrach*

(29) Ar na cúiseanna a dtugtar achoimre orthu i roinn 3.1.1, bhí amhras ar an gCoimisiún go raibh ann don bhearna inmharthanachta (difríocht ghlanluach láithreach na hinfheistíochta idir an Pholainn agus an tSín) EUR 77.3 milliún (i luach láithreach) mar a agraíodh, agus go raibh gá leis an gcabhair EUR 70 milliún (i luach láithreach ([16])) a raibh sé beartaithe ag údaráis na Polainne a dheonú (agus a bhí deonaithe cheana féin i bpáirt) do LG Chem PL (féach aithrisí (105) go (106) den chinneadh tosaigh) chun an infheistíocht a mhealladh chuig an bPolainn. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl i dtaobh an raibh aon tionchar ag an gcabhair ar tugadh fógra ina leith ar an gcinneadh maidir le suíomh, is é sin, an raibh éifeacht dreasachta ann.

3.1.3. *Amhras maidir le comhréireacht na cabhrach*

(30) I bhfianaise an amhrais atá air maidir leis an mbearna i ndáil le glanluach láithreach a bheith ann, chuir an Coimisiún amhras in iúl freisin maidir le comhréireacht na cabhrach: dá ndeimhneofaí easpa bearna i ndáil le glanluach láithreach, ní bheadh gá le cabhair chun an bhearna sin a líonadh, agus dá bhrí sin ní bheadh an chabhair teoranta don íosmhéid ba ghá chun an suíomh infheistíochta a ghníomhachtú i bhfabhar na Polainne (féach aithrisí (114) — (118) den chinneadh tosaigh).

3.1.4. *Amhras maidir le rannchuidiú na cabhrach le forbairt réigiúnach*

(31) I bhfianaise an amhrais atá air maidir leis an éifeacht dreasachta, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a dheimhniú gur rannchuidigh an chabhair le forbairt réigiúnach (féach aithrisí (78) – (82) den chinneadh tosaigh).

3.1.5. *Amhras maidir le hoiriúnacht an bhirt*

(32) Ós rud é nárbh fhéidir leis an gCoimisiún a dheimhniú gurb ann d'fhíorbhearna inmharthanachta idir an dá shuíomh mhalartacha le haghaidh na hinfheistíochta, ní fhéadfadh sé an fhéidearthacht a eisiamh ach an oiread go bhféadfaí rannchuidiú den chineál céanna le forbairt réigiúnach a bhaint amach ar bhealaí níos éifeachtúla eile ná an beart (féach aithris (88) den chinneadh tosaigh).

([16]) Chun an choibhéis deontais chomhláin a ríomh, ceanglaítear le mír 20(f) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach go ndéanfar na figiúirí a lascainiú ar bhonn an ráta tagartha is infheidhme (féach e.g. in aithris (11)). Luaitear i mír 73 (fonóta 39) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach, áfach, go ríomhtar an glanluach láithreach de ghnáth trí úsáid a bhaint as costas an chaipitil mar ráta lascaine. Ríomhtar an bhearna i ndáil le glanluach láithreach idir an Pholainn agus an tSín trí úsáid a bhaint as meánchostas caipitil ualaithe LG Chem Ltd. Energy Solution de [8 - 10.5] % mar ráta lascaine. Dá bhrí sin, nuair a chuirtear méid na cabhrach i gcomparáid leis an mbearna i ndáil le glanluach láithreach, déantar méid na cabhrach a lascainiú freisin tríd an meánchostas ualaithe sin an chaipitil a úsáid. Chun críocha eile seachas an méid cabhrach a chur i gcomparáid leis an mbearna i ndáil le glanluach láithreach, is é an ráta lascaine atá le húsáid ná an ráta bunaithe ar an ráta tagartha is infheidhme.

3.1.6. *Amhras maidir leis an uasteorainn cabhrach ar tugadh fógra ina leith a urramú*

(33) Thug an Coimisiún dá aire (féach aithrisí (123) go (127) den chinneadh tosaigh) nár áirithíodh le cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta go n-urramófaí an uasteorainn cabhrach le haghaidh na hinfheistíochta agus le haghaidh an tionscadail infheistíochta aonair araon. Go deimhin, níor sainaithníodh le cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta uasmhéid na dteidlíochtaí, ach sainaithníodh na costais incháilithe uasta EUR 1 054 244 195 (PLN 4 468 941 000), i luach ainmniúil, ar a bhféadfaí cabhair réigiúnach a dheonú. In éagmais faisnéise den sórt sin ón ngníomh um dheonú cabhrach, mheas an Coimisiún nach raibh sé soiléir go raibh an méid cabhrach i bhfoirm díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach teoranta don mhéid ar tugadh fógra ina leith de PLN 119 545 904 (EUR 28 201 440) (i luach ainmniúil), mar a mhaígh údaráis na Polainne. Thairis sin, níor luadh sa chead na comhpháirteanna eile den bheart a bhí le deonú le haghaidh na hinfheistíochta céanna, agus theip air an modh a shonrú trína n-áiritheofaí comhlíonadh na rialacha maidir le carnadh. Ós rud é gur eisíodh an cead cheana féin i mí Mheán Fómhair 2017 gan clásal fionraíochta, mheas an Coimisiún go raibh an chabhair deonaithe cheana *in toto* an tráth sin agus chuir sé a ábhar imní in iúl gur sáraíodh an uasteorainn cabhrach incheadaithe agus nach raibh rialú éifeachtach maidir le carnadh ar leibhéal dhámhachtain na cabhrach á áirithiú.

(34) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún gur cosúil nár leor rialú an charntha ar leibhéal íocaíochta na cabhrach ar dhá chúis: ar an gcéad dul síos, braitheann na rialuithe ar fhéindearbhuithe na dtairbhithe cabhrach, agus ar an dara dul síos, is cosúil nach dtarlaíonn na rialuithe faoi seach ach ar leibhéal na n-údarás fioscach atá freagrach as codanna áirithe den chabhair a íoc, ach ní ar leibhéal na n-údarás eile a bhfuil baint acu le cabhair a íoc faoi chomhpháirteanna eile den bheart. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl i dtaobh an raibh coimircí leordhóthanacha ann ionas nach sáródh an chabhair iomlán a íocadh ó gach foinse an uasteorainn cabhrach incheadaithe agus go raibh sí i gcomhréir le mír 92 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach (féach aithrisí (128) go (130) den chinneadh tosaigh).

4. BARÚLACHA ÓN BPOLAINN MAIDIR LEIS AN GCINNEADH TOSAIGH

4.1. Barúlacha ón bPolainn maidir le creidiúnacht an cháis fhrithfhíorasaigh

(35) Ina barúlacha, mhínigh an Pholainn, gur annamh a fhaigheann tairbhithe cabhrach réigiúnaí, sa Pholainn, aon tairiscint i scríbhinn maidir le cabhair. Bíonn iarratasóirí ar chabhair ar an eolas roimh ré faoin uasteorainn cabhrach ar féidir leo a bheith ag súil léi bunaithe ar an mapa de chabhair réigiúnach is infheidhme, agus féadfaidh siad a chinneadh cé na hionstraimí is oiriúnaí dá dtionscadal infheistíochta. Cuireadh an cur chuige sin i bhfeidhm freisin maidir leis an infheistíocht sa chás seo, agus níor eisíodh aon tairiscint cabhrach i scríbhinn ina leith dá bhrí sin. Thug an Pholainn dá haire nár cheistigh an Coimisiún an cur chuige sin riamh i gcásanna roimhe sin. Dar leis an bPolainn, cuirtear modh comhchosúil i bhfeidhm sa tSín, áit a mbíonn na rialacha agus an fhaisnéis is infheidhme maidir le tairiscintí dreasachta ar fáil d'infheisteoirí, rud a ligeann dóibh méid réalaíoch tacaíochta ar féidir leo féin a bheith ag súil leis a ríomh. Ina theannta sin, chuir an Pholainn in iúl go bhféadfadh LG Chem KR a thaithí ó thionscadal a fuair cabhair roimhe sin sa tSín a chur san áireamh freisin. Is éard a bhí sa tionscadal sin infheistíocht san acmhainneacht táirgeachta le haghaidh ceallraí d'fheithiclí leictreacha den chuid is mó, ar cuireadh tús le hoibreacha oibre ina leith i mí Iúil 2016 agus níor tugadh an Comhaontú Infheistíochta le húdaráis na Síne i gcrích go dtí mí Eanáir 2019. ([17]) Dá bhrí sin, mheas an Pholainn go raibh an tairiscint cabhrach ó údaráis na Síne inchreidte, agus d'áitigh sí nach raibh aon údar le hidirdhealú idir tairiscint cabhrach ó údaráis na Síne agus tairiscint cabhrach arna heisiúint ag Ballstát.

(36) Maidir leis an gcaibidlíocht idir LG Chem KR agus údaráis na Síne maidir le cabhair a dheonú don infheistíocht, leag an Pholainn béim ar na difríochtaí atá ann idir cultúr caibidlíochta an Iarthair agus an cultúr 'Guanxi' atá ann sa tSín. Braitheann an cultúr 'Guanxi' ar an gcaidreamh pearsanta idir rannpháirtithe, agus an gá 'gan a bheith náirithe'. Dá bhrí sin, d'iarr an Pholainn ar an gCoimisiún dinimic shonrach chultúr gnó agus caibidlíochta na Síne a chur san áireamh, ina bhfuil gealltanais ó bhéal ó oifigigh shinsearacha cinntitheach, seachas a bheith ag brath ina mheasúnú ar bhealach an Iarthair chun gnó a dhéanamh.

(37) Chuir an Pholainn roinnt doiciméad ar fáil freisin ina léirítear conas a chuaigh an chaibidlíocht sa tSín ar aghaidh, maidir le suíomh frithfhíorasach na hinfheistíochta sa tSín agus maidir le tionscadal LG Chem KR roimhe sin ar a dtugtar tuairisc in aithris (35).

([17]) Mar a thuairiscítear a thuilleadh in aithris (39) den Chinneadh seo agus in aithris (41) den chinneadh tosaigh.

(38) Maidir leis an gcás atá idir lámha, cuireadh na doiciméid seo a leanas ar fáil: (i) ríomhphost inmheánach LG Chem KR dar dáta an 27 Márta 2017 lenar áiríodh, mar cheangaltán, […]; (ii) ríomhphost inmheánach LG Chem KR dar dáta an 30 Márta 2017 inar iarradh faisnéis maidir le […]; (iii) ríomhphost inmheánach LG Chem KR dar dáta an 9 Bealtaine 2017 inar pléadh staid […]; (iv) ríomhphost inmheánach LG Chem KR dar dáta an 18 Meitheamh 2017 lena áiríodh i gceangaltán […]; (v) miontuairiscí ó chruinniú ionadaí LG Chem KR le hionadaithe Chrios Forbartha Eacnamaíoch agus Teicneolaíochta […] (Crios Forbartha […]) dar dáta an 7 Iúil 2017, inar luadh gur cheart go bhfaigheadh an tionscadal a bhí á phlé, dá gcuirfí chun feidhme sa tSín é, an oiread fóirdheontas ar a laghad leis an tionscadal a cuireadh chun feidhme roimhe sin in […]; (vi) ríomhphost ó Chrios Forbartha […] chuig LG Chem KR dar dáta an 17 Iúil 2017 […]; (vii) miontuairiscí cruinnithe idir ionadaithe LG Chem KR agus údaráis na Síne (arna n-ionadú, i measc daoine eile, ag an gCrios Forbartha agus ag an mBiúró um Chur Chun Cinn Infheistíochta) dar dáta an 9 Lúnasa 2017, inar pléadh an tionscadal a bhí idir lámha agus inar moladh gur cheart go léireodh na fóirdheontais don infheistíocht na fóirdheontais a deonaíodh do thionscadail LG Chem roimhe sin in […]; (viii) litir ó Chrios Forbartha […] dar dáta an 17 Lúnasa 2017 chuig LG Chem KR inar luadh cén talamh sa Chrios a d'fhéadfaí a thairiscint do LG Chem KR dá dtionscadal; (ix) ríomhphost ó Chrios Forbartha […] chuig LG Chem KR dar dáta an 22 Lúnasa 2017 […]; (x) litir tairisceana (gan stampa) dar dáta an 18 Meán Fómhair 2017 […]; (xi) litir tairisceana (le stampa oifigiúil) ó Choiste Bainistíochta Chrios Forbartha […] dar dáta an 13 Samhain 2017 […] (maidir le míreanna (x) agus (xi), féach freisin aithris (44) den chinneadh tosaigh).

(39) Maidir leis an tionscadal roimhe sin, cuireadh na doiciméid seo a leanas ar fáil: (i) ríomhphost ó Chrios Forbartha […] chuig LG Chem KR dar dáta an 5 Iúil 2016, ina ndearnadh achoimre ar an tairiscint fóirdheontas i bhfoirm deontais airgid don tionscadal a bhí le cur chun feidhme sna blianta 2016-2018 (RMB 410 milliún (USD 57 milliún) i ndáil le hinfheistíocht USD [450 – 900] milliún); (ii) cuid de thuarascáil chuig bainistíocht LG Chem KR maidir le toradh na caibidlíochta le Crios Forbartha […] ón 20 Eanáir 2017 inar míníodh, cé go bhfanfadh an deontas airgid ag RMB 410 milliún (USD 57 milliún), gur laghdaíodh na costais infheistíochta ó USD [450 – 900] milliún go USD [280 – 630] milliún; agus (iii) an Comhaontú Infheistíochta idir Crios Forbartha […] agus […] LG Chem [an tSín] a bhain leis an tionscadal (le stampa oifigiúil) dar dáta an 9 Eanáir 2019 ina raibh an costas infheistíochta níos airde ná mar a bhí i gcaibidlíochtaí roimhe sin (USD [280 – 630] milliún) ach bhí an dreasacht airgid níos airde freisin (USD 79.5 milliún, is é sin [10 – 20] % de chostais infheistíochta).

(40) Mheabhraigh an Pholainn go bhfuil teannas eacnamaíoch agus polaitiúil idir an Chóiré Theas agus an tSín le fada an lá. Mar sin féin, is í an tSín an comhpháirtí trádála is mó atá ag an gCóiré Theas i gcónaí (chuaigh 25,1 % dá honnmhairí foriomlána go dtí an tSín in 2020). Chuir an Pholainn i dtábhacht go háirithe nach ndearna an timpeallacht pholaitiúil naimhdeach sa tSín difear do ghnólachtaí a bhí dírithe ar onnmhairiú. Mheabhraigh an Pholainn gur chinn LG Chem KR in 2017 roinnt leathnaithe ar an tionscadal roimhe sin sa tSín a chur chun feidhme in ainneoin fhuarú sealadach an chaidrimh pholaitiúil agus ghnó idir an dá thír. Ina theannta sin, chuir an Pholainn in iúl gur tharla na caibidlíochtaí maidir le suíomh frithfhíorasach na hinfheistíochta sa tSín in 2017, agus go bhfuarthas tairiscint stampáilte an 13 Samhain 2017 in ainneoin gur chinn rialtas na Síne go déanach in 2016 fóirdheontais le haghaidh feithiclí leictreacha ón tSín a d'úsáid ceallraí ón gCóiré Theas a tharraingt siar.

4.2. **Barúlacha ón bPolainn maidir le dearadh an bhirt**

(41) Dheimhnigh údaráis na Polainne nár úsáid LG Chem PL aon chabhair, agus go raibh siad ag obair chun a gcóras rialaithe maidir le carnadh a fheabhsú. Dheimhnigh an Pholainn freisin gur leasaíodh an scéim cabhrach díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach chun clásal neamhghníomhaíochta a chur san áireamh ([18]). Ina theannta sin, chuir an Pholainn in iúl don Choimisiún gur thairg LG Chem PL tuarascálacha bliantúla a chur isteach arna n-ullmhú ag iniúchóir deimhnithe neamhspleách lena suífí na méideanna Státchabhrach a fuair an chuideachta ó gach foinse. Bunaithe ar na tuarascálacha sin, is féidir leis na húdaráis deonaithe cabhrach na méideanna Státchabhrach a fhíorú agus a áirithiú nach sáródh íocaíochtaí cabhrach iarbhír an uasteorainn cabhrach.

(42) Mhol an Pholainn freisin an cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta a leasú ionas go mbeadh clásal neamhghníomhaíochta san áireamh mar aon le liosta de chomhpháirteanna uile an bhirt a bhaineann leis an infheistíocht.

([18]) An 24 Meitheamh 2020, leasaigh údaráis na Polainne an scéim cabhrach díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach a bhí i bhfeidhm an dáta sin, is é sin, Gníomh an 10 Bealtaine 2018 maidir le Tacú le hInfheistíochtaí Nua, trí Airteagal 15(2) a chur isteach, leis an bhfoclaíocht seo a leanas: 'Má tá feidhm ag an oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach, léirítear sa chinneadh maidir le tacaíocht nach bhfuil an fiontraí i dteideal an chabhair a úsáid go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach cinneadh lena n-údaraítear an chabhair sin.'.

5. BARÚLACHA Ó THRÍÚ PÁIRTITHE MAIDIR LEIS AN GCINNEADH TOSAIGH

5.1. Barúlacha ó LG Chem PL

5.1.1. *Barúlacha ó LG Chem PL maidir le creidiúnacht an cháis fhrithfhíorasaigh*

(43) Thug LG Chem PL tuilleadh sonraí faoi ábharthacht chultúr 'Guanxi' atá ag brath go mór ar chumarsáid ó bhéal agus ar chaidreamh pearsanta sa phróiseas caibidlíochta. Mhínigh LG Chem PL go dtarlaíonn caibidlíochtaí maidir le dreasachtaí cabhrach sa tSín de ghnáth ar leibhéal an rialtais áitiúil. Cuirtear an fhreagracht ar na húdaráis áitiúla as aon saincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis na hinfheistíochtaí atá siad i mbun caibidlíochta le hinfheisteoirí coigríche. Dá bhrí sin, tá suim ag na húdaráis sin a ngealltanais d'infheisteoirí a chomhlíonadh. Deimhníodh an argóint sin le fianaise ó bhall sinsearach d'fhoireann caibidlíochta LG Chem KR sa tSín. Ina fhianaise, déanann sé cur síos ar a thaithí oibre maidir le dreasachtaí infheistíochta a chaibidliú sa tSín, leagann sé amach an timpeallacht infheistíochta agus an chaoi a ndéantar dreasachtaí a chaibidliú sa tSín, agus tugann sé sonraí faoi phróiseas caibidlíochta an tionscadail atá idir lámha sa tSín.

(44) Sholáthair LG Chem PL faisnéis faoi thaithí chaibidlíochta LG Chem KR sa tSín, lena n-áirítear tábla ina ndearnadh achoimre ar a thionscadail is déanaí sa tSín (maidir le feithiclí leictreacha den chuid is mó) a atáirgtear thíos i dTábla 1. Ní raibh aon litir dreasachta ann riamh d'aon cheann de na tionscadail a liostaítear sa tábla sin, agus i gcás níos lú ná leath na gcásanna liostaithe, síníodh an comhaontú infheistíochta faoi seach sular cuireadh tús leis na hoibreacha. In ainneoin sin, fuair LG Chem KR iarbhír na dreasachtaí a léiríodh sna comhaontuithe infheistíochta le haghaidh na dtionscadal a cuireadh chun feidhme ina n-iomláine. Maidir le LG Chem PL, cruthaíonn an tábla sin go ndéantar gnó sa tSín bunaithe ar ghealltanais ó bhéal agus ar mhuinín fhrithpháirteach.

Tábla 1

Taifead ar infheistíocht LG Chem KR sa tSín

Ítim	Caiteachas caipitiúil (in KRW céad milliún)	Raon na déine cabhrach airgid (%)	Tús na n-oibreacha	Dáta an chomhaontaithe infheistíochta	Litir thairisceana dreasachta	Comhaontú infheistíochta
Feithiclí leictreacha/Córas stórála fuinnimh	[6 000-7 800]	[…]	[…]2018	[…]2019	Níl	Tá
Feithiclí leictreacha	[1 000-1 500]	[…]	[…]2014	[…]2014	Níl	Tá
Feithiclí leictreacha	[5 000-6 900]	[…]	[…]2016	[…]2019	Níl	Tá
Feithiclí leictreacha	[16 600-23 800]	[…]	[…]2018	[…]2018	Níl	Tá
Polaraitheoir	[4 000-5 300]	[…]	[…]2018	[…]2018	Níl	Tá

(45) Ina theannta sin, mhínigh LG Chem PL go mion an próiseas caibidlíochta maidir le cabhair nithiúil do shuíomh frithfhíorasach na hinfheistíochta sa tSín, agus chuir sé fianaise isteach a bhain leis an tairiscint cabhrach ó údaráis na Síne. Go háirithe, chuir LG Chem PL roinnt doiciméad isteach a chuir an Pholainn isteach freisin (arna dtuairisciú in aithris (38) faoi phointí (i), (ii), (iii), (iv), (v), (vii), (viii), (ix), (x) agus (xi)), go leor acu dátaithe roimh an gcinneadh maidir le suíomh. Ina theannta sin, chuir sé ríomhphost inmheánach LG Chem KR isteach dar dáta an 17 Lúnasa 2017 ag tagairt do ríomhphost an 5 Iúil 2016 (a thuairiscítear in aithris (39)) inar thug Crios Forbartha […] forléargas ar fhóirdheontais a bhí le tairiscint don tionscadal roimhe sin. Luaitear sa ríomhphost gurbh é [10 - 20] % ([19]) méid na ndreasachtaí airgid i gcomparáid leis an infheistíocht iomlán don tionscadal sin agus moladh gur cheart an leibhéal déine cabhrach céanna a bheith mar bhonn don staidéar féidearthachta i ndáil leis an tionscadal a bhí idir lámha.

([19]) Mínítear é sin leis an bhfíric gur laghdaíodh costas infheistíochta an tionscadail roimhe sin i mí Eanáir 2017 ó USD [450 – 900] milliún go USD [280 – 630] milliún, cé gur coinníodh méid an fhóirdheontais, rud a d'fhág gurbh éard a bhí san fhóirdheontas airgid [10 – 20] % den chostas infheistíochta. Cé gur deonaíodh dreasacht chánach don infheistíocht sin freisin (is é sin USD [12 – 26] milliún, i.e. [3 – 7] % breise de na costais infheistíochta), níor cheart é sin a chur san áireamh i staidéar féidearthachta an tionscadail a bhí idir lámha.

(46) Chuir LG Chem PL deimhniú isteach freisin arna sholáthar ag Coiste Bainistíochta Chrios Forbartha […] maidir leis an bpróiseas caibidlíochta, a tharla le LG Chem KR le linn 2017, lena n-áirítear cruinniú an 9 Lúnasa 2017 inar mhol an Coiste, dá leanfadh LG Chem leis an infheistíocht i [Suíomh 1], go mbeadh na dreasachtaí comhchosúil leis na cinn a cuireadh ar fáil do thionscadal LG Chem in Nanjing roimhe sin, dar dáta an 28 Eanáir 2021. Chuir sé dhá theistiméireacht isteach freisin ó chomhaltaí fhoireann LG Chem KR a chaibidligh tairiscint cabhrach na Síne. Sna teistiméireachtaí sin, déanann na baill foirne cur síos ar a dtaithí ghinearálta maidir leis an gcaibidlíocht le húdaráis na Síne, agus ar shonraí nithiúla an phróisis caibidlíochta in 2017 araon. Déantar cur síos i gceann de na teistiméireachtaí, dá dtagraítear cheana in aithris (43), ar an gcaoi a raibh cruinnithe ar an láthair le rialtas áitiúil na Síne á sceidealú agus á n-eagrú ag an údar. Déanann údar na teistiméireachta eile achoimre freisin ar a thaithí oibre, míníonn sé an gnáthbhealach chun cumarsáid a dhéanamh le húdaráis na Síne agus tugann sé tuairisc ar na caibidlíochtaí le húdaráis na Síne, ag díriú ar an tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí na Samhna 2017. Deimhníonn sé gur luaigh údaráis na Síne ag cruinniú an 7 Iúil 2017 go mbeadh fóirdheontais don infheistíocht comhchosúil leis na fóirdheontais don tionscadal roimhe sin agus gur deimhníodh é sin ag cruinniú an 9 Lúnasa 2017. Tá na teistiméireachtaí sin i gcomhréir leis na barúlacha a sholáthair an Pholainn maidir leis an ábhar seo.

(47) Thairis sin, chuir LG Chem PL in iúl nach gceanglaítear leis na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach aon tairiscint cabhrach fhoirmiúil ná tairiscint cabhrach i scríbhinn do na Ballstáit, ag éileamh go bhfuil an dualgas cruthúnais ina leith díréireach, agus gur cosúil go gcuireann dualgas cruthúnais den sórt sin isteach ar cheart dlisteanach tríú tíortha faisnéis cheannasach a chosaint ó nochtadh do thíortha eile, nó d'institiúidí an Aontais Eorpaigh.

(48) Maidir le hábharthacht na timpeallachta polaitiúla, chuir LG Chem PL in iúl gur chuir LG Chem KR tionscadal chun feidhme sa tSín go gairid sular pléadh suíomh frithfhíorasach na hinfheistíochta sa tSín (tugtar tuairisc ar an tionscadal sin in aithris (35)), mar aon le tionscadal eile go gairid tar éis an phlé sin (féach aithris (44) chun forléargas a fháil ar thionscadail a cuireadh tús leo sa tSín). Chuir sé doiciméid i scríbhinn ar fáil freisin a léiríonn go raibh dea-chaidreamh fadtéarmach ar bun idir LG Chem KR agus údaráis na Síne ó 2003 i leith, mar a dheimhnigh údaráis na Síne ina litir an 28 Eanáir 2021 (féach aithris (46)). Ina theannta sin, chuir LG Chem PL litir ar fáil ó LG Chem KR chuig údaráis na Síne dar dáta an 6 Iúil 2017 […] agus ríomhphost inmheánach LG Chem KR dar dáta an 24 Iúil 2017 a bhain le hullmhúcháin do chruinniú idir LG Chem KR – […] – agus Coiste um Chur Chun Cinn Trádála Idirnáisiúnta na Síne a bhí le tarlú an 25 Iúil 2017).

5.1.2. *Barúlacha LG Chem PL maidir le dearadh an bhirt*

(49) Chuir LG Chem PL in iúl don Choimisiún gur leasaíodh an cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta an 18 Eanáir 2021: áirítear ann anois clásal neamhghníomhaíochta, liostaítear ann comhpháirteanna uile an bhirt, agus foráiltear ann gurbh é a bheadh in uasmhéid na díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach an difríocht idir uasmhéid na cabhrach incheadaithe don infheistíocht ([20]), agus luach iomlán na n-eilimintí cabhrach eile go léir a áirítear sa bheart. Cuireadh cóip den chead leasaithe ar fáil don Choimisiún.

(50) Ina theannta sin, thairg LG Chem PL tuarascálacha bliantúla arna n-ullmhú ag iniúchóir neamhspleách, ag deimhniú mhéideanna na Státchabhrach, a fuarthas ó gach foinse, a chur faoi bhráid na n-údarás deonaithe cabhrach uile lena mbaineann.

5.2. **Barúlacha Toray Industries, Inc.**

(51) Is cuideachta é Toray Industries, Inc. ('Toray') a bhfuil a cheanncheathrú sa tSeapáin agus atá gníomhach i monaraíocht agus i bpróiseáil ábhar amhail snáithíní agus teicstílí, ceimiceáin feidhmíochta agus ábhair chomhchodacha snáithíní carbóin. Leag Toray béim ar thábhacht na bhfóirdheontas san Eoraip do chuideachtaí na hÁise: maidir le Toray, 'tá an fóirdheontas san Aontas Eorpach ríthábhachtach do chuideachtaí na hÁise atá ag plé le ceallraí d'fheithiclí leictreacha chun infheistíocht agus monaraíocht a dhéanamh san Aontas Eorpach'. Chuir Toray in iúl don Choimisiún go bhfuil suim mhór ag údaráis áitiúla na Síne (ar leibhéal cúige) maidir le hinfheistíochtaí nua a mhealladh agus go bhfuil na dreasachtaí a chuireann siad ar fáil níos flaithiúla ná na dreasachtaí a thairgtear san Aontas Eorpach. Thug Toray le fios freisin go bhfuil an próiseas níos simplí agus níos tapúla ná mar atá san Aontas Eorpach. Leag Toray béim go háirithe ar an difríocht sna cleachtais chaibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an tSín, thug sé chun suntais an tábhacht a bhaineann le tairiscintí ó bhéal, agus chuir sé in iúl don Choimisiún go bhfaigheann infheisteoirí sa tSín tairiscint cabhrach de ghnáth nuair a dhéanann siad cinneadh maidir lena n-infheistíocht. Ar an gcúis sin, braitheann infheisteoirí ar ráitis ó bhéal ó údaráis na Síne agus glacann siad leis, agus a gcinntí infheistíochta á n-ullmhú acu, go bhfuil na tairiscintí dreasachta a dhéantar ó bhéal bailí.

([20]) Is é sin an méid cabhrach a d'fhéadfaí a dhámhachtain don tionscadal i bhfianaise a mhéide sa réigiún lena mbaineann agus Mapa de chabhair réigiúnach 2014-2020 don Pholainn á chur i gcrích agus forálacha mhíreanna 86 agus 20(c) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach á laghdú.

5.3. **Barúlacha ó Aireacht Trádála, Tionscail agus Fuinnimh na Cóiré Theas**

(52) D'iarr an Aireacht athscrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise maidir leis an tairiscint cabhrach ó údaráis na Síne bunaithe ar na doiciméid a chuir LG Chem PL isteach, agus chosain sí an cinneadh an méid dreasachta a rabhthas ag súil leis a bhunú ar thaithí infheistíochta roimhe sin. Ina theannta sin, leag sí béim ar thionchar teoranta na 'timpeallachta polaitiúla naimhdí' ar an infheistíocht, ag tabhairt dá haire, in 2017, go ndearna cuideachtaí na Cóiré Theas infheistíochtaí substaintiúla sa tSín, agus gur tháinig méadú fiú ar an ngníomhaíocht infheistíochta sin in 2018.

6. **BARÚLACHA ÓN BPOLAINN MAIDIR LE BARÚLACHA TRÍÚ PÁIRTITHE**

(53) Thacaigh an Pholainn leis na tuairimí a chuir LG Chem PL i láthair agus ba dhíol sásaimh di na barúlacha a chuir an Chóiré Theas agus Toray ar fáil.

(54) Dheimhnigh an Pholainn gur leasaíodh an Cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta tosaigh a tugadh do LG Chem PL ar an gcaoi a chuir LG Chem PL in iúl ina bharúlacha (féach aithris (49)), agus sholáthair sí cóip den chinneadh lena leasaíodh an cead.

7. **MEASÚNÚ AR AN GCABHAIR**

7.1. **Cabhair a bheith ann**

(55) Ar na cúiseanna a leagtar amach sa chinneadh tosaigh, measann an Coimisiún gurb é atá sa bheart cabhrach ar tugadh fógra ina leith Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ós rud é go bhfuil an beart inchurtha i leith an Stáit agus á dheonú trí acmhainní Stáit, go bhfuil sé roghnaitheach, go soláthraíonn sé buntáiste eacnamaíoch do LG Chem PL, gur dócha go ndéanfadh sé difear don trádáil idir na Ballstáit, agus go saobhann sé an iomaíocht nó go bhfuil bagairt ann í a shaobhadh. Ní dhéanann na leasuithe ar an mbeart a dtugtar tuairisc orthu in aithris (49) den Chinneadh seo difear don mheasúnú sin.

7.2. **Dlíthiúlacht an bhirt**

(56) Shuigh an Coimisiún sa chinneadh tosaigh gur chuir údaráis na Polainne cuid den bheart (díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach a deonaíodh faoin gCead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta) i bhfeidhm sular glacadh cinneadh críochnaitheach ón gCoimisiún maidir lena chomhoiriúnacht. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cabhair neamhdhleathach atá sa bheart ó dháta a deonaithe toisc gur cuireadh chun feidhme í de shárú ar oibleagáid neamhghníomhaíochta na Polainne faoi Airteagal 108(3) CFAE.

(57) Mar a mhínítear in aithris (54), leasaíodh an Cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta tosaigh a deonaíodh do LG Chem PL chun oibleagáid neamhghníomhaíochta a chur san áireamh. A mhéid nár agraíodh, go dtí seo, aon díolúine ó cháin d'ioncam a eascraíonn as an infheistíocht a chumhdaítear leis an gcead, tá comhpháirteanna uile an bhirt faoi réir fhormheas an Choimisiúin anois; dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur baineadh an neamhdhleathacht ón mbeart cabhrach sin gan aon éifeacht a bheith aige ar an iomaíocht.

7.3. **Comhoiriúnacht an bhirt**

(58) Mar a mhínítear in aithris (69) den chinneadh tosaigh, tá an beart cabhrach ar tugadh fógra ina leith le measúnú trí na forálacha is infheidhme maidir le cabhair réigiúnach a leagtar síos in Airteagal 107(3), pointe (a), CFAE, arna léiriú ag na treoirlínte ábhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún, a chur i bhfeidhm. Ós rud é gur glacadh na gníomhartha deonúcháin cabhrach cheana féin (faoi réir fhormheas an Choimisiúin amháin ([21])) idir 2017 agus 2018, áirítear ar na gníomhartha léirmhínitheacha is infheidhme na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach 2014-2020 ([22]), agus mapa de chabhair réigiúnach 2014-2020 don Pholainn ([23]).

([21]) Seachas an díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach a deonaíodh ar dtús gan clásal neamhghníomhaíochta.
([22]) Dá dtagraítear i bhfonóta 9.
([23]) Dá dtagraítear i bhfonóta 7.

(59) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa chinneadh tosaigh gur comhlíonadh cuid de na critéir chomhoiriúnachta a leagtar síos sna Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach (is é sin, go bhfuil gá le hidirghabháil stáit, nach gcruthaíonn an chabhair ró-acmhainneacht i margadh a bhfuil meath iomlán ag teacht air, nach bhfuil aon éifeacht frith-chomhtháthaithe ann agus nach bhfuil an chabhair ina cúis le haon dúnadh agus athlonnú); níor nochtadh san imscrúdú foirmiúil aon ghné a tharraingíonn amhras ar an réamh-mheasúnú bunúsach ar chomhlíonadh na gcritéar comhoiriúnachta sin ag údaráis na Polainne. Ní dhéanann na leasuithe ar an mbeart a dtugtar tuairisc orthu in aithris (49) difear don mheasúnú Státchabhrach a rinneadh sa chinneadh tosaigh. Dá bhrí sin, ní dhearnadh athmheasúnú ar na critéir sin sa Chinneadh seo. Os a choinne sin, déantar measúnú thíos ar na gnéithe eile ar tarraingíodh amhras ina leith sa chinneadh tosaigh.

7.3.1. *Amhras faoin gcás frithfhíorasach*

(60) Ceanglaítear le mír 64 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach go mbeidh éifeacht dreasachta fhoirmiúil ag cabhair, is é sin, nach féidir tús a chur le hoibreacha ar thionscadal ach amháin tar éis an fhoirm iarratais ar chabhair a chur isteach. Suíodh gurb ann don éifeacht dreasachta fhoirmiúil in aithris (90) den chinneadh tosaigh.

(61) Ina theannta sin, ceanglaítear leis na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach (féach Roinn 3.5 dá gcuid) go mbeidh éifeacht dreasachta shubstainteach ag cabhair, agus nach mór an éifeacht dreasachta sin a chruthú tríd an infheistíocht a dtacaíonn an chabhair léi a chur i gcomparáid le cás frithfhíorasach i gcás nach ndeonaítear aon chabhair le haghaidh na hinfheistíochta sin. Sainaithníonn na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach dhá chás fhrithfhíorasacha a d'fhéadfadh a bheith ann sa chomhthéacs sin. I gcás 1 (cinntí infheistíochta), tugann an chabhair dreasacht dá tairbhí cinneadh infheistíochta dearfach a ghlacadh toisc gur féidir infheistíocht nach mbeadh brabúsach go leor áit ar bith eile dá huireasa a dhéanamh sa limistéar lena mbaineann. I gcás 2 (cinntí suímh), tugann an chabhair dreasacht dá tairbhí infheistíocht bheartaithe a lonnú sa limistéar spriocdhírithe seachas i suíomh malartach ina mbaineann an tionscadal amach glanluach láithreach níos airde ná mar a bhaineann sa suíomh spriocdhírithe, toisc go gcúitíonn an chabhair an bhearna inmharthanachta idir an dá shuíomh (difríocht na nglanluachanna láithreacha sa dá shuíomh). I gcás 2 nuair a bhíonn an suíomh malartach lonnaithe lasmuigh de LEE agus, dá bhrí sin, nach mbíonn sé faoi réir rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair, ceadaítear le mír 80 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach cabhair chomparáide glanluacha láithrigh sa suíomh lasmuigh de LEE a ghlacadh mar ioncam a mhéadaíonn glanluach láithreach na hinfheistíochta sa suíomh frithfhíorasach.

(62) Ag céim an réamhscrúdaithe, ní raibh dóthain fianaise ag an gCoimisiún maidir leis an tairiscint cabhrach ó údaráis na Síne le bheith in ann teacht ar an gconclúid go raibh sé réalaíoch go mbeadh LG Chem KR ag súil le cabhair den sórt sin a fháil, agus ar an gcaoi sin teacht ar an gconclúid go raibh an cás frithfhíorasach a cuireadh i láthair réalaíoch (féach aithrisí (26) agus (27)). Bhí amhras breise ann maidir leis an gcás frithfhíorasach mar gheall ar an timpeallacht naimhdeach pholaitiúil agus eacnamaíoch sa tSín a d'fhéadfadh, in éineacht le tosca eile, a bheith ina mbreithnithe straitéiseacha sáraitheacha a thabharfadh ar an gcuideachta a hinfheistíocht a lonnú sa Pholainn in aon chás (féach aithris (28)).

(63) D'áitigh an Pholainn agus LG Chem PL nach n-éilíonn na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach tairiscintí cabhrach foirmiúla ó na Ballstáit (féach aithrisí (35) agus (47)). Níl argóint mar sin ábhartha, áfach, toisc nach dtagraíonn na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach d'aon tairiscint den sórt sin. Os a choinne sin, is léir ó mhír 69 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach nár cheart don chás frithfhíorasach glacadh leis go ndeonóidh aon údarás poiblí in LEE aon chabhair i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar an éifeacht dreasachta. Dá bhrí sin, de réir sainmhínithe, ní bheidh an Ballstát a thugann fógra ag brath ar thairiscint cabhrach (i scríbhinn nó ó bhéal) ó aon tír LEE eile chun a chruthú gurb ann d'éifeacht dreasachta (agus/nó do chomhréireacht na cabhrach). Tugann an Coimisiún dá aire freisin barúlacha a chuir an Pholainn in iúl go bhfuil na rialacha agus an fhaisnéis is infheidhme maidir le tairiscintí dreasachta ar fáil sa tSín d'infheisteoirí, rud a chuireann ar a gcumas méid réalaíoch tacaíochta ar féidir leo a bheith ag súil leis a ríomh (aithris (35)). Níl sa ráiteas sin amháin ach ráiteas de chineál ginearálta, áfach, agus níor tugadh bunús leis; ní féidir leis, ina aonar, creidiúnacht na tairisceana fóirdheontais sa tSín a léiriú sa chás atá idir lámha.

(64) Ina ionad sin, is é an rud atá tábhachtach ná cruthúnas leordhóthanach doiciméadach a sholáthar maidir le cás frithfhíorasach inchreidte agus creidiúnacht na ríomhanna glanluacha láithrigh don chás frithfhíorasach, mar a cheanglaítear le míreanna 67, 71 agus 72 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach. Go háirithe, i gcás inar tairiscint fóirdheontais ó bhéal ó thír lasmuigh de LEE an bonn atá le ríomhanna na bearna frithfhíorasaí agus na bearna inmharthanachta ábhartha, agus i gcás ina léiríonn an Ballstát ar bhonn fianaise dhoiciméadach leordhóthanach gurb ann do thairiscint den sórt sin mar aon lena hábhar is féidir a mheas fós go bhfuil ríomhanna na bearna frithfhíorasaí agus na bearna inmharthanachta inchreidte.

(65) Measann an Coimisiún, sa chás seo, gur léiríodh éifeacht dreasachta na cabhrach de réir an chaighdeáin a cheanglaítear leis na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach. Chuir an Pholainn agus LG Chem PL fianaise dhoiciméadach isteach a léiríonn go ndearnadh comparáid réalaíoch idir na costais agus na tairbhí a bhain leis an infheistíocht a aimsiú sna réimsí lena mbaineann sa Pholainn agus sa tSín. Áirítear san fhianaise sin doiciméid lena gcomhthacaítear le seasamh na Polainne maidir leis an tairiscint fóirdheontais a bheith ann ó údaráis na Síne agus maidir le hábhar na tairisceana sin (féach aithrisí (38), (39) agus (45)). Áirítear an méid seo a leanas leis na doiciméid arna ndátú roimh an 16 Lúnasa 2017, arb é dáta an chinnidh maidir le suíomh é: (i) ríomhphoist inmheánacha LG Chem KR […] (dar dáta 27 Márta 2017, 30 Márta 2017 agus 18 Meitheamh 2017); (ii) miontuairiscí cruinnithe idir LG Chem KR agus ionadaithe Chrios Forbartha […] dar dáta an 7 Iúil 2017 inar pléadh an tionscadal agus inar deimhníodh leibhéal na bhfóirdheontas dó (ar cheart é a bheith cosúil leis na fóirdheontais don tionscadal roimhe sin ([24]) - féach aithrisí (35), (39) agus (45) le haghaidh tuilleadh sonraí ar an tionscadal sin); (iii) ríomhphost ó Chrios Forbartha Nanjing dar dáta 17 Iúil 2017 […]; agus (iv) miontuairiscí cruinnithe idir LG Chem KR agus údaráis na Síne dar dáta an 9 Lúnasa 2017 inar pléadh an tionscadal atá idir lámha agus inar moladh gur cheart go léireodh na fóirdheontais don infheistíocht na fóirdheontais sin a deonaíodh do thionscadail LG Chem roimhe sin sa chrios forbartha. Ina theannta sin, chuir LG Chem KR teistiméireachtaí ar fáil ó chuid áirithe dá fhostaithe a bhí i gceannas ar chaibidlíochtaí dreasachta sa tSín maidir le, i measc nithe eile, próiseas caibidlíochta an tionscadail (féach aithrisí (43) agus (46)), agus freisin doiciméad arna sholáthar ag Crios Forbartha […], dar dáta an 28 Eanáir 2021, lena ndeimhnítear tuairisc LG Chem KR ar phróiseas caibidlíochta an tionscadail atá idir lámha, agus lena ndeimhnítear go háirithe go raibh tairiscint fóirdheontais réalaíoch agus iontaofa faighte ag LG Chem KR, faoin 16 Lúnasa 2017, ó údaráis na Síne lena bhforáladh do dhéine cabhrach a bhí inchomparáide leis an déine cabhrach ab infheidhme maidir leis an deontas airgid thirim a thacaigh leis an tionscadal roimhe sin in 2016 (féach aithris (46)). Léiríonn na heilimintí sin go léir go raibh caibidlíochtaí ar siúl le húdaráis na Síne maidir le suíomh féideartha na hinfheistíochta sa tSín, agus go raibh siad nithiúil maidir le méid na bhfóirdheontas a bhféadfadh LG Chem KR a bheith ag súil lena dtairiscint.

(66) Cuireadh leis an bhfianaise sin le roinnt doiciméid bhreise a fuair LG Chem KR tar éis an 16 Lúnasa 2017: is é sin, (i) litir dar dáta an 17 Lúnasa 2017 ó Chrios Forbartha […] inar pléadh cén talamh sa Chrios a d'fhéadfaí a thairiscint do LG Chem KR; (ii) ríomhphost inmheánach LG Chem KR dar dáta an 17 Lúnasa 2017 inar míníodh, maidir leis an staidéar féidearthachta don tionscadal seo, gur cheart an déine cabhrach chéanna ([10 – 20] %) a úsáid mar a úsáideadh don tionscadal roimhe sin ar a dtugtar tuairisc in aithris (35); (iii) ríomhphost ón gCrios Forbartha dar dáta an 22 Lúnasa 2017 […]; agus (iv) dhá litir thairisceana ó Chrios Forbartha […] (ceann amháin, dar dáta an 18 Meán Fómhair 2017, gan stampa, agus an dara ceann, dar dáta an 13 Samhain 2017, le stampa oifigiúil) (féach aithrisí (38) agus (45) le haghaidh tuilleadh sonraí).

(67) Chun a léiriú a thuilleadh go bhféadfadh LG Chem KR brath, agus gur bhraith sé, ar thairiscintí fóirdheontais ó bhéal ó údaráis na Síne mar bhonn leordhóthanach chun tús a chur le hoibreacha maidir lena chuid infheistíochtaí, chuir LG Chem PL liosta tionscadal ar fáil freisin a chuir LG Chem KR chun feidhme sa tSín, lena n-áirítear an infheistíocht a rinneadh roimhe sin, Infheistíocht 2, ar cuireadh tús le roinnt de na hoibreacha ina leith sular tugadh an comhaontú infheistíochta i gcrích (féach aithris (44)). Dá réir sin, thug an taithí a fuair LG Chem KR roimhe seo maidir le hinfheistíochtaí roimhe sin sa tSín cead do LG Chem KR an tairiscint cabhrach ó bhéal ón tSín don tionscadal a mheas mar thairiscint cheangailteach.

(68) Mar fhocal scoir, tá fíorfhianaise chomhaimseartha leordhóthanach ann lena cruthú go ndearna an tSín tairiscint cabhrach do LG Chem KR roimh an 16 Lúnasa 2017, gur bhain tairiscint den sórt sin le fóirdheontas a bhféadfadh LG Chem KR a mheas go réalaíoch agus go coimeádach go mbeadh sé thart ar EUR 106 mhilliún ar a laghad agus gur bhraith comhlachtaí corpraithe LG Chem KR ar an tairiscint sin agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le suíomh na hinfheistíochta. Ina theannta sin, comhthacaítear leis an gconclúid go raibh ionchais LG Chem KR réalaíoch toisc go ndearnadh an tairiscint a chur ar bhonn foirmiúil ina dhiaidh sin, agus go raibh ábhar na tairisceana foirmiúla ag freagairt don tairiscint a rinneadh ó bhéal, is é sin, mhol sé fóirdheontas le déine thart ar [10 – 20] %, i gcomhréir leis an déine a chomhaontaigh LG Chem KR agus údaráis na Síne don tionscadal infheistíochta roimhe sin dá dtagraítear in aithris (35) ([25]). Sa bhreis air sin, léirigh LG Chem KR, tar éis dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le suíomh an tionscadail infheistíochta atá idir lámha, go ndearna siad cinneadh ar infheistíochtaí sa tSín agus gur chuir siad na hinfheistíochtaí sin chun feidhme, agus gur baineadh tairbhe as fóirdheontais, in ainneoin nárbh ann do thairiscint fhoirmiúil nó do chomhaontú infheistíochta (féach Tábla 1).

([24]) Cuireadh roinnt doiciméad ar fáil freisin maidir leis an tionscadal seo roimhe sin, féach aithris (39).

([25]) Tugann an Coimisiún dá aire go n-áitíonn an Pholainn agus LG Chem PL go bhfuil an cur chuige seo maidir le caibidlíocht ó bhéal den chuid is mó i gcomhréir le cultúr caibidlíochta Guanxi (féach aithrisí (36) agus (43)).

(69) Maidir le hamhras an Choimisiúin sa chinneadh tosaigh go bhféadfadh sé nach mbeadh an infheistíocht fhrithfhíorasach sa tSín inchreidte mar gheall ar an timpeallacht pholaitiúil naimhdeach ghinearálta a bhí ag gnóthais na Cóiré Theas ag an am, cuireadh isteach fianaise chun a léiriú nach ndéanfadh an aeráid pholaitiúil ghinearálta difear don infheistíocht shonrach ná d'inchreidteacht na Síne mar shuíomh frithfhíorasach. Is amhlaidh atá toisc go mbeadh an infheistíocht, mar a léirítear in aithrisí (35), (36) agus (38) den chinneadh tosaigh, ina bonn d'onnmhairí, ós rud é nach ndíolfaí an táirgeacht ar mhargadh intíre na Síne ach go n-onnmhaireofaí go dtí an Eoraip í. Níor tharraing aon cheann de na páirtithe a chuir barúlacha isteach le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil amhras ar inchreidteacht treoshuímh gnó den sórt sin atá bunaithe ar onnmhairí maidir leis an infheistíocht fhrithfhíorasach sa tSín.

(70) Ina theannta sin, chuir LG Chem PL doiciméid isteach ina léirítear dea-chaidreamh gnó LG Chem KR sa tSín (féach aithris (48)) agus ina léirítear, go ginearálta, go raibh tionchar diomaibhseach ag an teannas polaitiúil idir an tSín agus an Chóiré Theas ar chomhar gnó le cuideachtaí na Cóiré Theas sa tSín nó ar infheistíocht na gcuideachtaí sin. Tacaíonn na doiciméid sin le seasamh na Polainne agus na Cóiré Theas maidir leis an ábhar sin.

(71) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cruthaíodh nach mbeadh tionchar ag an timpeallacht naimhdeach ar an infheistíocht fhrithfhíorasach, ós rud é gur chiallaigh an timpeallacht sin amháin nach bhfaigheadh tomhaltóirí na Síne fóirdheontais le haghaidh feithiclí leictreacha le ceallraí ón gCóiré Theas a cheannach. Mar sin féin, ós rud é go ndíreodh an infheistíocht fhrithfhíorasach, amhail an ceann a cuireadh i gcrích iarbhír, ar mhargadh na hEorpa, ní bheadh aon tionchar ag an mbeartas fóirdheontais intíre sin ar dhíolacháin ionchasacha na gceallraí a bhí le monarú ag an tsaoráid.

(72) Mar chonclúid, measann an Coimisiún go bhfuil fianaise bhreise leordhóthanach curtha ar fáil ag LG Chem PL maidir leis an gcaibidlíocht cabhrach sa tSín. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin gur féidir a mheas, i bhfianaise an mhéid sin, gur cuireadh an tairiscint cabhrach ón tSín isteach roimh an 16 Lúnasa 2017 in ainneoin easpa tairisceana cabhrach stampáilte i scríbhinn an tráth a chinn Coiste Infheistíochta Corparáidí LG Chem KR suíomh na hinfheistíochta. Go háirithe, glacann an Coimisiún leis go raibh caibidlíochtaí déanta ag LG Chem KR le húdaráis áitiúla na Síne maidir le suíomh frithfhíorasach na hinfheistíochta sa tSín, agus gur féidir a mheas go raibh meastachán coimeádach LG Chem KR, ar dá réir a bheadh sé in ann tairbhe a bhaint as déine cabhrach thart ar [10 – 20] %, réalaíoch.

(73) Thairis sin, bunaithe ar na mínithe agus ar an doiciméadacht a cuireadh ar fáil, glacann an Coimisiún leis nach raibh tionchar ag an timpeallacht pholaitiúil naimhdeach sa tSín, lena gcuirtear cosc den chuid is mó ar tháirgeoirí ceallraí d'fheithiclí leictreacha na Cóiré Theas ó mhargadh na Síne a sholáthar mar gheall ar shrianta ar fhóirdheontais lena dtacaítear le feithiclí leictreacha a cheannach sa tSín, ar inchreidteacht shuíomh féideartha na hinfheistíochta sa tSín. Is amhlaidh atá toisc go raibh sé i gceist leis an infheistíocht sin táirgeadh ceallraí a bhí le díol lasmuigh den tSín a leathnú san Eoraip, de bhrí nár chuir an tSín i gcoinne onnmhairí ceall ag monarchana ceall atá bunaithe sa tSín agus atá faoi úinéireacht eachtrach.

(74) I bhfianaise na n-eilimintí sin, is é conclúid an Choimisiúin gur cás frithfhíorasach réalaíoch a bhain le suíomh na hinfheistíochta sa tSín i ndáil leis an suíomh sa Pholainn.

7.3.2. *Amhras maidir le héifeacht dreasachta na cabhrach*

(75) Mar a mhínítear in aithris (61), de réir na dTreoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach, i gcás 2, tá an chabhair chun dreasacht a thabhairt dá tairbhí infheistíocht bheartaithe a lonnú sa limistéar ábhartha seachas in áit eile toisc go gcúitíonn sí na glan-mhíbhuntáistí agus na costais a bhaineann le suíomh sa limistéar lena mbaineann.

(76) Ag céim an réamhscrúdaithe, bhí amhras ar an gCoimisiún go raibh bearna inmharthanachta measta EUR 77.3 milliún ann, agus go raibh gá leis an gcabhair EUR 70 milliún a bhí le deonú do LG Chem PL chun an infheistíocht a mhealladh chun na Polainne (féach aithris (29)). An tráth sin, ní raibh dóthain eilimintí ag an gCoimisiún a chinneadh go raibh aon tionchar ag an gcabhair ar tugadh fógra ina leith ar an gcinneadh maidir le suíomh, is é sin, go raibh éifeacht dreasachta ann.

(77) Mar gheall ar na conclúidí in aithris (74), ag féachaint don fhianaise uile a cuireadh ar fáil, agus ag glacadh leis go bhfuil bunús réalaíoch ag an meastachán coimeádach ar chabhair ó údaráis na Síne de [10 – 20]% de na costais infheistíochta, rud a léirítear i ríomh an ghlanluacha láithrigh) le haghaidh na Síne, is é conclúid an Choimisiúin go raibh bearna inmharthanachta measta EUR 77.3 milliún ann idir na suíomhanna sa Pholainn agus sa tSín go deimhin. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil éifeacht dreasachta ag an mbeart.

7.3.3. *Amhras maidir le comhréireacht na cabhrach*

(78) De réir roinn 3.6 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach, tá feidhm ag uasteorainn dhúbailte maidir leis an méid cabhrach. Ar an gcéad dul síos, ní mór cabhair réigiúnach a bheith teoranta don íosmhéid is gá chun infheistíocht nó gníomhaíocht bhreise a spreagadh sa limistéar lena mbaineann. I gcás cabhair aonair a dtugtar fógra ina leith, níor cheart an méid cabhrach a bheith níos airde ná an difríocht idir glanluachanna láithreacha an tionscadail sna suíomhanna malartacha a breithníodh (gan aon fhóirdheontas a deonaíodh sna suíomhanna sin a chur san áireamh más in LEE atá siad). Ar an dara dul síos, úsáidtear uasdéiní cabhrach mar uasteorainn ar chur chuige na bearna inmharthanachta seo: níor cheart cabhair chun an difríocht sa ghlanluach láithreach a chúiteamh a bheith níos mó ná uasmhéid na cabhrach a fhéadfar a dheonú agus uasteorainn na cabhrach réigiúnaí is infheidhme maidir leis an spriocréigiún a chur i bhfeidhm le haghaidh tionscadal infheistíochta den mhéid atá i gceist (ag cur san áireamh na rialacha maidir le scálú anuas a leagtar síos i míreanna 86 agus 20(c) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach agus, i gcás inarb ábhartha, an imthoisc go bhféadfadh an infheistíocht a bheith mar chuid de thionscadal infheistíochta aonair, mar a shainítear i mír 20(t) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach, agus cabhair a deonaíodh roimhe sin le haghaidh na gcomhpháirteanna eile den tionscadal infheistíochta aonair).

(79) Ag céim an réamhscrúdaithe, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar an gconclúid go raibh an chabhair comhréireach toisc nárbh fhéidir leis a dheimhniú go raibh ann do bhearna i ndáil le glanluach láithreach idir an dá shuíomh infheistíochta mhalartacha. In éagmais bearna den sórt sin, ní bheadh an chabhair teoranta don íosmhéid ba ghá chun an suíomh infheistíochta a ghníomhachtú i bhfabhar na Polainne (féach aithris (30)).

(80) In aithris (74), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an cás frithfhíorasach lenar glacadh leis go raibh suíomh na hinfheistíochta sa tSín réalaíoch, agus dá bhrí sin go raibh ann do bhearna i ndáil le glanluach láithreach) idir an dá shuíomh. Níl aon fhoras ag an gCoimisiún chun amhras a chaitheamh ar mhéid na bearna sin (i.e. EUR 77.3 milliún), agus dá bhrí sin cinneann sé nach sáraíonn an chabhair ar tugadh fógra ina leith dar luach EUR 70 milliún ([26]) (i luach láithreach) an méid is gá chun an bhearna sin a líonadh.

(81) Tugann an Coimisiún dá aire, bunaithe ar an uasteorainn réigiúnach 25 % a leagtar síos sa mhapa de chabhair réigiúnach 2014-2020 don Pholainn do réigiún Dolnośląskie, agus ag cur i bhfeidhm na rialacha maidir le scálú anuas i míreanna 86 agus 20(c) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach), gurb é EUR 119 154 994 ([27]) i luach láithreach an uaschabhair iomlán chomhfhreagrach don tionscadal infheistíochta aonair lena ngabhann caiteachas incháilithe beartaithe EUR 1 281 235 227, arb é an toradh atá air uasteorainn cabhrach 9,3 %.

(82) Tugann an Coimisiún dá aire, i gcás an tionscadail infheistíochta aonair, gurb é méid na cabhrach iomlán atá beartaithe PLN 506 673 985 (EUR 119 154 997) i luach láithreach le haghaidh costais incháilithe bheartaithe PLN 5 444 427 050 (EUR 1 281 235 227) i luach láithreach (féach aithris (24)). Le haghaidh na hinfheistíochta ar tugadh fógra ina leith, is é méid na gcostas incháilithe atá beartaithe EUR 994 960 440 i luach láithreach, agus is é méid na cabhrach ar tugadh fógra ina leith EUR 85 443 491 i luach láithreach agus is déine cabhrach 8,5 % atá ann dá thoradh sin (féach aithrisí (17) agus (19)).

(83) Dá bhrí sin, ní sháraíonn an chabhair ar tugadh fógra ina leith, in éineacht leis an gcabhair roimhe sin, uasmhéid na cabhrach EUR 119 154 994 agus an uasteorainn cabhrach incheadaithe 9,3 % le haghaidh an tionscadail infheistíochta aonair. Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún nach sáraítear an uasteorainn déine cabhrach coigeartaithe le haghaidh an tionscadail infheistíochta aonair.

(84) I bhfianaise an mhéid thuas, cinneann an Coimisiún go bhfuil an chabhair comhréireach.

([26]) Nuair a dhéantar lascainiú ag an ráta céanna leis an mbearna inmharthanachta, i.e. meánchostas ualaithe an chaipitil (féach fonóta16 le haghaidh tuilleadh sonraí).

([27]) Baineann an difríocht de EUR 3 i gcomparáid leis an méid EUR 119 154 997 dá dtagraítear in aithris (82) le slánú.

7.3.4. *Amhras maidir le rannchuidiú na cabhrach le forbairt réigiúnach*

(85) Ceanglaítear leis na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach (mír 36) go ndéanfaidh cabhair faoi choinne infheistíocht réigiúnach fíor-rannchuidiú inbhuanaithe le forbairt réigiúin faoi mhíbhuntáiste.

(86) Mar a mhínítear in aithris (31), i bhfianaise an amhrais atá air maidir le héifeacht dreasachta na cabhrach ag céim an réamhscrúdaithe, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a dheimhniú gur rannchuidigh an chabhair leis an bhforbairt réigiúnach.

(87) I bhfianaise an mheasúnaithe dhearfaigh fhoriomláin neamhchonspóidithe ar rannchuidiú an bhirt leis an bhforbairt réigiúnach sa chinneadh tosaigh (féach aithrisí (77) – (80) den chinneadh tosaigh) a dheimhníonn an Coimisiún sa Chinneadh seo, agus ós rud é go ndeimhníonn an Cinneadh seo go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair (féach aithris (77)), tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcuirtear forbairt réigiúin atá incháilithe do chabhair réigiúnach de bhun Airteagal 107(3), pointe (a), CFAE chun cinn leis an mbeart.

7.3.5. *Amhras maidir le hoiriúnacht*

(88) Ceanglaítear leis na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach (míreanna (50) agus (57)) go mbeidh cabhair réigiúnach ina hionstraim bheartais iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir beartais lena mbaineann, agus go ndámhfar í i bhfoirm ar dócha go nginfidh sí an méid is lú saofa ar thrádáil agus ar iomaíocht.

(89) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin sa chinneadh tosaigh (aithrisí (86) agus (87)) gur cineál iomchuí tacaíochta í an chabhair faoi choinne infheistíocht réigiúnach chun forbairt an limistéir lena mbaineann a chur chun cinn.

(90) Mar a mhínítear in aithris (32), i bhfianaise an amhrais atá air maidir le fíorbhearna inmharthanachta a bheith ann idir an Pholainn agus an tSín, sa chinneadh tosaigh, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a dheimhniú nach bhféadfaí rannchuidiú den chineál céanna leis an bhforbairt réigiúnach a bhaint amach trí mhodhanna eile níos éifeachtúla.

(91) I bhfianaise an mheasúnaithe dhearfaigh sa chinneadh tosaigh (féach aithris (88) dá chuid) agus ós rud é gur dheimhnigh an Coimisiún go raibh fíorbhearna inmharthanachta ann idir na suíomhanna malartacha sa Pholainn agus sa tSín (féach aithris (74)), is é conclúid an Choimisiúin gur ionstraim iomchuí é an beart chun tionchar a imirt ar an gcinneadh maidir le suíomh.

7.3.6. *Amhras maidir leis an uasteorainn cabhrach ar tugadh fógra ina leith a urramú*

(92) De réir mhír 119 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach, bheadh ann d'éifeacht dhiúltach fhollasach i gcás ina sárófaí uasteorainn cabhrach an tionscadail. B'amhlaidh an cás nuair a sháródh an méid cabhrach atá beartaithe, i gcomparáid leis an gcaiteachas infheistíochta (caighdeánaithe) incháilithe ([28]), an uasteorainn déine cabhrach (coigeartaithe) is infheidhme maidir le tionscadal den mhéid áirithe, agus an 'scálú anuas forchéimnitheach' is gá á chur san áireamh ([29]).

(93) Ghlac an Coimisiún sa chinneadh tosaigh (féach aithrisí (124) agus (125)) gur urramaíodh leis an gcabhair ar tugadh fógra ina leith an uasteorainn déine cabhrach coigeartaithe le haghaidh an tionscadail agus freisin mar chuid den tionscadal infheistíochta aonair. Mar sin féin, ós rud é nár sainaithníodh leis an gcead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta uasmhéid na dteidlíochtaí, ach gur sainaithníodh na costais incháilithe uasta EUR 1 054 244 195 (PLN 4 468 941 000), i luach ainmniúil, ar a bhféadfaí cabhair réigiúnach a dheonú, níor ráthaíodh go raibh méid na cabhrach i bhfoirm díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach teoranta don mhéid PLN 119 545 904 (EUR 28 201 440) (i luach ainmniúil) ar tugadh fógra ina leith, mar a d'éiligh údaráis na Polainne. Thairis sin, níor luadh sa chead na comhpháirteanna eile den bheart a bhí le deonú le haghaidh na hinfheistíochta céanna, agus níor sonraíodh an modh trína n-áiritheofaí comhlíonadh na rialacha maidir le carnadh. Ós rud é gur eisíodh an cead cheana féin i mí Mheán Fómhair 2017 gan clásal neamhghníomhaíochta, chuir an Coimisiún a ábhar imní in iúl gur sáraíodh an uasteorainn cabhrach incheadaithe agus nach raibh rialú éifeachtach maidir le carnadh ar leibhéal dhámhachtain na cabhrach á áirithiú.

([28]) Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar an gcaiteachas incháilithe caighdeánaithe le haghaidh tionscadail infheistíochta ag gnóthais mhóra i ranna 3.6.1.1 agus 3.6.1.2 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach.

([29]) Féach míreanna 86 agus 20(c) de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach.

(94) Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (34), thug an Coimisiún dá aire, sa chinneadh tosaigh, gur cosúil nár leor an rialú maidir le carnadh ach ar leibhéal íocaíocht na cabhrach amháin. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl i dtaobh an raibh coimircí leordhóthanacha ann ionas nach sáródh an chabhair iomlán a íocadh ó gach foinse an uasteorainn cabhrach incheadaithe agus go raibh sí i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i mír 92 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach.

(95) Dheimhnigh an Pholainn nár úsáid LG Chem PL aon chabhair agus gur leasaíodh an scéim cabhrach díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach chun clásal neamhghníomhaíochta a chur san áireamh.

(96) Chuir LG Chem PL agus an Pholainn araon in iúl don Choimisiún gur leasaíodh an cead le haghaidh Crios Eacnamaíoch Speisialta an 18 Eanáir 2021, agus go bhfuil clásal neamhghníomhaíochta ann anois, go liostaítear ann comhpháirteanna uile an bhirt, agus go luaitear ann gurbh é méid na díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach an difríocht idir uasmhéid na cabhrach incheadaithe ([30]) agus luach iomlán chomhpháirteanna eile uile an bhirt.

(97) Ina theannta sin, thairg LG Chem PL tuarascálacha bliantúla arna n-ullmhú ag iniúchóir neamhspleách, ag deimhniú mhéideanna na Státchabhrach, a fuarthas ó gach foinse, a chur faoi bhráid na n-údarás deonaithe cabhrach uile lena mbaineann. Bunaithe ar na tuarascálacha sin, féadfaidh na húdaráis deonaithe cabhrach na méideanna Státchabhrach a fhíorú agus a áirithiú nach sárófaí an uasteorainn cabhrach. Ós rud é go gcuirtear an chabhair i bhfoirmeacha eile chun feidhme sular féidir leas a bhaint (go hiomlán) as buntáistí ón díolúine ó cháin ioncaim chorparáideach, íoslaghdaítear an baol go sárófaí an uasteorainn cabhrach.

(98) I bhfianaise leasú an cheada agus thabhairt isteach an tsásra faireacháin ad hoc, déantar ábhar imní an Choimisiúin maidir leis na huasteorainneacha carntha foriomlána a urramú, tráth an deonaithe agus ó thaobh íocaíochtaí araon, agus maidir le méid foriomlán na dteidlíochtaí a chruthaítear leis an gcead, a mhaolú. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur urramaíodh an uasteorainn déine cabhrach ar tugadh fógra ina leith.

7.3.7. *Cothromú éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na cabhrach*

(99) Léiríodh sa mheasúnú ar na critéir dá dtagraítear in aithrisí (60) go (98) go bhfuil gá le hidirghabháil Stáit, go bhfuil an chabhair iomchuí, go bhfuil an cás frithfhíorasach a chuirtear i láthair inchreidte agus réalaíoch, agus go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair agus go bhfuil sí teoranta don mhéid is gá chun cinneadh an tairbhí maidir le suíomh a athrú. Trí shuíomh na hinfheistíochta i réigiún fóirithinte a ghníomhachtú, rannchuidíonn an chabhair le forbairt réigiúnach réigiún Dolnośląskie. Léiríodh sa mheasúnú freisin nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach fhollasach ag an gcabhair de réir bhrí mhíreanna 120-122 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach: ní bheidh ró-acmhainneacht á cruthú ná á cothabháil i margadh a bhfuil meath iomlán ag teacht air, ná éifeachtaí iomarcacha ar thrádáil, mar thoradh uirthi; urramaítear léi uasteorainn na cabhrach réigiúnaí is infheidhme; níl aon éifeacht frith-chomhtháthaithe fhollasach aici; agus níl sí ina chúis le dúnadh gníomhaíochtaí in áiteanna eile in LEE agus a n-athlonnú go Biskupice Podgórne.

(100) Sainaithnítear i míreanna 114, 115 agus 132 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach éifeachtaí diúltacha míchuí ar an iomaíocht (seachas éifeachtaí diúltacha follasacha) atá le cur san áireamh sa tástáil chothromúcháin atá fágtha má thugann an infheistíocht aghaidh ar dhá mhargadh gheografacha ar leith, agus baineann siad le cruthú nó treisiú ceannasachta sa mhargadh, nó le ró-acmhainneachtaí a chruthú nó a threisiú i margadh atá ag tearcfheidhmiú (fiú mura bhfuil meath iomlán ag teacht ar an margadh sin). Ós rud é go bhfuil an chabhair teoranta don mhéid is gá chun an cinneadh maidir le suíomh a athrú agus, dá bhrí sin, nach gcuireann sí níos mó acmhainní ar fáil do thairbhí na cabhrach ná mar is gá chun an cinneadh maidir le suíomh a ghníomhachtú, agus ós rud é go dtabharfadh na díolacháin ón infheistíocht, cibé suíomh atá i gceist, aghaidh ar an margadh geografach céanna, agus go dtarlódh na héifeachtaí iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an infheistíocht ar an margadh geografach ábhartha (mar shampla i bhfoirm a rannchuidithe le ró-acmhainneacht nó le ceannasacht sa mhargadh a mhéadú nó a chruthú) le cabhair agus gan chabhair, ní gá anailís a dhéanamh orthu ná iad a chur san áireamh sa tástáil chothromúcháin atá fágtha, toisc nach í an chabhair is cúis leo.

(101) I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (99) go (100), measann an Coimisiún nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach mhíchuí ag an gcabhair ar an iomaíocht.

([30]) I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach.

(102) Ós rud é go n-urramaíonn an chabhair mír 107 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach i dtaca le huasteorainn na cabhrach réigiúnaí is infheidhme, agus nach bhfuil aon éifeacht fhrith-chomhtháthaithe nó athshuímh aici de réir bhrí mhíreanna 121 agus 122 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach, measann an Coimisiún, mar a luaitear cheana in aithris (99), nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach fhollasach ag an gcabhair ar thrádáil. Tá na héifeachtaí eile (diúltach, ach gan a bheith follasach) ar thrádáil, is é sin, éifeacht na cabhrach ar an rogha maidir le suíomh na hinfheistíochta sa réigiún lena mbaineann agus a eascraíonn as suíomh na hinfheistíochta sa réigiún lena mbaineann, teoranta go leor, ós rud é go gcuirtear an infheistíocht chun feidhme laistigh de theorainneacha an mhapa fhormheasta de chabhair réigiúnach.

(103) Os a choinne sin, tá éifeachtaí dearfacha substaintiúla ag an gcabhair, go háirithe tríd an bhfostaíocht (cruthú post), éifeachtaí braislithe agus iarmhairtí eolais (féach roinn 4.3.3.1 den chinneadh tosaigh). Leis na héifeachtaí dearfacha sin, éascaítear a thuilleadh forbairt réigiúnach réigiún Dolnośląskie, ar réigiún é atá incháilithe do chabhair réigiúnach de bhun Airteagal 107(3), pointe (a), CFAE faoin mapa de chabhair réigiúnach is infheidhme arna údarú ag an gCoimisiún.

(104) Ós rud é go gcomhlíonann an chabhair na híoscheanglais go léir, nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach fhollasach aici ar iomaíocht ná ar thrádáil, ná aon éifeacht dhiúltach mhíchuí ar iomaíocht, agus nach bhfuil ach éifeachtaí an-teoranta aici ar thrádáil, measann an Coimisiún gur léir gur mó éifeachtaí dearfacha substaintiúla na cabhrach ar fhorbairt réigiúnach réigiún Dolnośląskie ná aon éifeacht dhiúltach.

7.3.8. *Níl aon sárú ábhartha ar dhlí an Aontais Eorpaigh*

(105) Ní eascraíonn sé ón bhfógra ná ón bhfaisnéis a bailíodh le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil go bhféadfadh sárú ar fhoráil ábhartha de dhlí an Aontais Eorpaigh ([31]) a bheith i gceist leis an gcabhair nó leis na coinníollacha a ghabhann léi, nó leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna n-éascú leis an gcabhair. Go háirithe, níor chuir an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig an bPolainn maidir le sárú féideartha ar dhlí an Aontais Eorpaigh a mbeadh baint aici leis an gcás seo, agus níl aon ghearáin ná aon fhaisnéis faighte ag an gCoimisiún a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go bhféadfadh an Státchabhair, na coinníollacha a ghabhann léi nó na gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna n-éascú leis an gcabhair a bheith contrártha d'fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais Eorpaigh.

8. **CONCLÚID**

(106) Cinneann an Coimisiún gur chuir an Pholainn cuid den bheart chun feidhme go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, ach gur baineadh an neamhdhleathacht sin idir an dá linn, gan tionchar a bheith aici ar an iomaíocht.

(107) Ós rud é go gcomhlíonann an chabhair na critéir chomhoiriúnachta uile a leagtar síos sna Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach 2014-2020, agus ós rud é gur shuigh an Coimisiún gur léir gur mó éifeachtaí dearfacha substaintiúla na cabhrach ná aon cheann dá héifeachtaí diúltacha, cinneann an Coimisiún go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 107(3), pointe (a), CFAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an státchabhair ar thug an Pholainn fógra ina leith le haghaidh LG Energy Solution Wrocław sp. z o.o., dar uasmhéid PLN 362 194 962 (i bpraghsanna 2017) agus a chomhfhreagraíonn d'uasteorainn cabhrach 8,5 % i gcoibhéis deontais chomhláin, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([31]) Féach mír 28 de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin